Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Márta 2021**
**(OR. en)**

**6795/21**

**JAI 233**
**FREMP 38**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha san Aontas Eorpach a neartú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha san Aontas Eorpach a neartú, arna fhormheas tríd an nós imeachta i scríbhinn an 5 Márta 2021[1].

[1] CM 2064/21

Conclúidí ón gCOMHAIRLE maidir le cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha san Aontas Eorpach a neartú

**Brollach**

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh,

**Á mheabhrú di** Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar dá réir atá an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad;

**Á chur i bhfios go láidir di** gur cloch mhíle i lánpháirtiú na hEorpa í an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'an Chairt' anseo feasta), a fógraíodh go sollúnta an 7 Nollaig 2000, agus gur siombail í den fhéiniúlacht choiteann Eorpach atá againn;

**Á chur chun suntais di** go gcuireann cineál ceangailteach dlí na Cairte oibleagáid ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais, agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal na coimhdeachta, agus ar na Ballstáit, agus dlí an Aontais á chur chun feidhme acu, na cearta a urramú, na prionsabail a urramú agus a gcur i bhfeidhm a chur chun cinn i gcomhréir lena gcumhachtaí faoi seach agus teorainneacha chumhachtaí an Aontais mar atá siad tugtha dó sna Conarthaí, de bhun mhír 1 d'Airteagal 51 den Chairt, á n-urramú;

**Á thabhairt dá haire** go bhfuil an Chairt ar cheann de na hionstraimí um chearta bunúsacha is nua-aimseartha agus is cuimsithí atá ceangailteach ó thaobh an dlí, agus gur dlúthchuid de chóras ilsrathach cosanta an Aontais do chearta bunúsacha í;

**Á mheabhrú di** go mbeidh aontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (dá ngairtear 'NHRI' anseo feasta) ina chomhlánú ag an struchtúr atá ann faoi láthair lena gcosnaítear cearta bunúsacha san Aontas, agus go gcuirfidh sé comhsheasmhacht níos mó chun cinn i gcosaint na gceart bunúsach san Eoraip, agus **á chur in iúl di gur díol sásaimh di** go bhfuil caibidlíocht atosaithe ag an Aontas agus ag Comhairle na hEorpa le déanaí d'fhonn an sprioc sin a bhaint amach;

**A chur i dtábhacht di** nach féidir talamh slán a dhéanamh de go gcosnófar cearta bunúsacha agus luachanna an Aontais. Is iarracht leanúnach agus freagracht chomhroinnte í a éilíonn iarracht chomhchoiteann ó na gníomhaithe uile lena mbaineann, eadhon institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, lena n-áirítear údaráis forfheidhmithe dlí, reachtóirí, breithiúna agus ionchúisitheoirí, cleachtóirí eile dlí, ollscoileanna agus cleachtóirí dlí, scoileanna oiliúna, institiúidí náisiúnta um chearta an duine (dá ngairtear 'NHRInna' anseo feasta), comhlachtaí comhionannais agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta;

**Á chur i dtreis di** nach féidir cearta bunúsacha a áirithiú ach amháin i sochaí dhaonlathach atá bunaithe ar an smacht reachta, a bhfuil neamhspleáchas na mbreithiúna ar cheann de na bunchlocha tógála ann;

**Ós cúis imní di** na dúshláin gan fasach a bhaineann le paindéim Covid-19 agus an tionchar tromchúiseach atá aici ar chearta agus saoirsí bunúsacha a fheidhmiú i réimsí amhail cúram sláinte, cúram fadtéarmach, oideachas, obair, tithíocht, rochtain ar bhia, cultúr, rochtain ar cheartas, rochtain ar sheirbhísí tacaíochta, saoirse gluaiseachta, saoirse tionóil, saoráil faisnéise agus saoirse reiligiúin nó creidimh;

**Ós cúis bhuartha di** an chaoi a n-imrítear tionchar díréireach ar dhaoine atá i riocht leochaileach mar gheall ar éifeachtaí na paindéime agus de bharr na n-éifeachtaí fadtéarmacha a d'fhéadfadh a bheith aici agus iarmhairtí dothuartha eile ar dhínit an duine, ar chomhionannas agus ar bhunchearta;

Agus na dúshláin atá ann **á n-admháil di** maidir le cearta bunúsacha, an daonlathas agus an smacht reachta a chosaint atá tagtha chun cinn le roinnt blianta anuas san Aontas agus sna Ballstáit, amhail na dúshláin sin a bhaineann le glacadh le agus lánpháirtiú iarrthóirí tearmainn agus imirceach, an t-aistriú digiteach agus úsáid mhéadaithe agus mí-úsáid fhéideartha na hintleachta saorga[2], teacht chun cinn na bréagaisnéise agus na fuathchainte, ar líne agus as líne araon, cosaint sonraí pearsanta agus an phríobháideachais, dul i laghad na spásanna don tsochaí shibhialta, bagairtí seachtracha ar shláine toghchán agus an phróisis dhaonlathaigh, an t-athrú aeráide agus cosaint trasteorann daoine fásta leochaileacha;

**Á thabhairt dá haire di agus imní dá réir uirthi** seasmhacht na bhfadhbanna agus na gconstaicí tromchúiseacha atá mar bhac ar thaitneamh iomlán a bheith á bhaint ag daoine as a gcearta bunúsacha, mar atá, fadhbanna agus constaicí amhail an bhochtaineacht, easpa agus éiginnteacht dídine, idirdhealú de chineál ar bith, neamhionannas inscne, foréigean baile agus foréigean in aghaidh na mban, leanaí, daoine LADTI, daoine a bhaineann le mionlaigh, daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas, agus gáinneáil ar dhaoine**;**

[2] Féach conclúidí na hUachtaránachta maidir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha i gcomhthéacs sna hintleachta saorga agus an athraithe dhigitigh (11481/20 an 21 Deireadh Fómhair 2020).

**Á mholadh di** an dul chun cinn leanúnach i gcosaint na gceart bunúsach san Aontas Eorpach, go háirithe trí reachtaíocht darb aidhm cosaint agus cur chun cinn ceart sonrach, straitéisí sonracha agus pleananna gníomhaíochta sonracha a athneartú, a cheaptar chun cosaint na gceart bunúsach a fheabhsú, chomh maith le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'CBAE' anseo feasta);

**Á thabhairt dá haire agus í buíoch dá réir** as an obair thábhachtach a rinne an Coimisiún i gcreat an *Strategy for the effective implementation of the Charter of Fundamental Rights by the European Union* [Straitéis maidir le cur chun feidhme éifeachtach na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh] ó 2010;[3]

**Ós díol sásaimh di** conclúidí bliantúla na Comhairle agus na dtuarascálacha bliantúla ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm na Cairte, chomh maith leis na tuarascálacha bliantúla um Chearta Bunúsacha ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (dá ngairtear 'FRA' anseo feasta);

**Á aithint di** go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí chun a áirithiú go mbainfear leas iomlán as an gCairt chun go mbeidh sí éifeachtach dáiríre i saol na ndaoine agus, ar an gcaoi sin, go gcothófar cultúr láidir de chearta bunúsacha san Aontas;[4]

Agus «Conclúidí 2019 ón gComhairle maidir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha tar éis 10 mBliana: An Staid Reatha agus an Obair Amach Anseo» (dá ngairtear 'Conclúidí 2019 ón gComhairle' anseo feasta) **á meabhrú di** ,[5]

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh a tiomantas an Chairt a chur i bhfeidhm do chách a **athnuachan** agus **glacann sí** na conclúidí seo a leanas:

1. **Is díol sásaimh** don Chomhairle an «Straitéis chun cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha a neartú san Aontas Eorpach»[6] (dá ngairtear 'Straitéis na Cairte' anseo feasta) agus an aird níos mó atá aici ar fhreagracht na mBallstát.

2. **Cuireann an Chomhairle chun suntais** sineirgí agus comhlántacht na Straitéise Cairte le beartais agus ionstraimí eile atá dírithe ar na bunluachanna ar a bhfuil an tAontas bunaithe a chur chun cinn agus a chosaint, amhail an Timthriall Bliantúil maidir leis an Smacht Reachta, an Plean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach agus Tuarascáil 2020 ar Shaoránacht.

---

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach, an 19 Deireadh Fómhair 2010, COM(2010)0573.

[4] Mar a léiríodh i dTuarascáil FRA um Chearta Bunúsacha in 2019, i dtuarascálacha bliantúla an Choimisiúin agus sa suirbhé Eorabharaiméadair ar fheasacht na saoránach ar an gCairt.

[5] A glacadh an 7 Deireadh Fómhair 2019, 13217/19.

[6] Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach, an 2 Nollaig 2020, COM(2020) 711 final.

**Cosc agus cur chun cinn**

Oiliúint

3. Chun sáruithe ar chearta bunúsacha a chosc, ní mór oiliúint leordhóthanach a chur ar na gníomhaithe uile ar shlabhra forfheidhmiúcháin na Cairte, lena n-áirítear NHRInna, comhlachtaí comhionannais agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta. A mhéid is féidir, ba cheart a chur san áireamh leis an bhfothú acmhainní sainiúlachtaí na hoibre a dhéanann na gníomhaithe sin, go háirithe na breithiúna. I ndáil leis an méid sin, **iarrann** an Chomhairle ar na Ballstáit gníomhaíochtaí oiliúna maidir leis an gCairt ar an leibhéal náisiúnta a neartú, go háirithe trí uirlisí spriocdhírithe agus trí oiliúint atá saincheaptha do riachtanais na ngníomhaithe éagsúla a fhorbairt, agus an leas is fearr á bhaint as an gcistiú ón Aontas atá ar fáil agus as cúnamh FRA. **Cuireann an Chomhairle i dtreis** a thábhachtaí atá ollscoileanna agus scoileanna oiliúna chleachtóirí dlí maidir le heolas ar an gCairt a chur chun cinn, trí thaighde acadúil agus gníomhaíochtaí oiliúna, i gcomhar freisin le hinstitiúidí an Aontais, le húdaráis náisiúnta agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta**.**

4. **Iarrann an Chomhairle** ar an gCoimisiún leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit agus do na gníomhaithe uile ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, chomh maith le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile an Aontais, maidir le cur i bhfeidhm na Cairte agus cultúr comhlíonta agus cur chun cinn ceart bunúsach a chothú ar fud an Aontais.

**Is díol sásaimh** don Chomhairle rannchuidiú FRA le fothú acmhainní maidir leis an gCairt agus le huirlisí tiomnaithe a fhorbairt. **Molann** an Chomhairle do FRA na huirlisí sin a choimeád cothrom le dáta, ar fáil i ngach teanga de chuid an Aontais, furasta a rochtain agus soláimhsithe.

Múscailt feasachta

5. **Cuireann an Chomhairle i dtábhacht** a thábhachtaí atá sé eolas inrochtana a chur ar fáil don phobal ar na cearta a chumhdaítear sa Chairt ionas go gcothófar feasacht agus úinéireacht an phobail ar an gCairt. I ndáil leis sin, is díol sásaimh di na hábhair a chruthaigh an Coimisiún agus FRA cheana agus molann sí do na Ballstáit iad a úsáid agus a scaipeadh a thuilleadh. **Molann** an Chomhairle do na Ballstáit féachaint ar bhealaí nuálacha comhlántacha le feasacht a mhúscailt, agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí áirithe a bhféadfadh inrochtaineacht fheabhsaithe ar an gCairt a bheith ag teastáil uathu, amhail daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, agus leanaí, agus machnamh a dhéanamh ar leathanaigh thiomnaithe a chruthú i dtaobh na Cairte ar na suíomhanna gréasáin institiúideacha ábhartha.

6. **Cuireann an Chomhairle i dtreis** gur cheart a fhios a bheith ag na saoránaigh cé leis is ceart dóibh labhairt má sháraítear a gcearta in aon Bhallstát agus conas sin a dhéanamh. **Meabhraítear** don Chomhairle an uirlis úsáideach idirghníomhach um chearta bunúsacha atá ar fáil ar an Tairseach Eorpach don r-Cheartas[7] agus **iarrann sí** ar na Ballstáit uile cur leis an uirlis sin, í a choimeád cothrom le dáta agus í a chur chun cinn.

7. **Tá an Chomhairle báúil leis** an bhfeachtas múscailte feasachta atá beartaithe ag an gCoimisiún agus **iarrann sí** freisin ar an gCoimisiún comhoibriú chuige sin leis na Ballstáit, le cosantóirí ceart, amhail NHRInna agus comhlachtaí comhionannais, agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta.

**Cur i bhfeidhm na Cairte**

Saineolas agus sonraí FRA

8. **Athdhearbhaíonn** an Chomhairle go bhfuil sí ullamh an leas is fearr a bhaint as saineolas agus sonraí FRA ina cuid gníomhaíochtaí a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar chearta bunúsacha, agus **iarrann sí** ar institiúidí eile an Aontais agus ar na Ballstáit déanamh amhlaidh. Tá an Chomhairle **ag súil le** leanúint den phlé ar na leasuithe atá beartaithe ar an Rialachán Bunaidh FRA, lena n-áirítear ar raon feidhme ghníomhaíocht FRA agus a mhodhanna oibre.

Ról an reachtóra

9. Tá *acquis* an Aontais i mbun forbartha i gcónaí, lena n-áirítear i réimsí a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar chearta bunúsacha. **Cuireann an Chomhairle i dtábhacht** an oibleagáid atá ar an gCoimisiún agus ar chomhreachtóirí an Aontais a áirithiú go gcomhlíonfaidh gach togra reachtach agus gach ionstraim reachtach an Chairt.

**Athdhearbhaíonn** an Chomhairle a úsáidí atá "Treoirlínte maidir leis na céimeanna modheolaíochta atá le tabhairt chun comhoiriúnacht le cearta bunúsacha a sheiceáil"[8] (dá ngairtear 'Treoirlínte' anseo feasta) chun comhoiriúnacht na dtograí reachtacha le cearta bunúsacha a mheas agus a áirithiú.

Déanann an Chomhairle an gealltanas a tugadh sna Conclúidí ón gComhairle in 2019 maidir le féachaint ar bhealaí nua chun úsáid níos éifeachtúla a bhaint as na treoirlínte **a athnuachan**. Ina theannta sin, meabhraíonn **sí** don Ardrúnaíocht gur cheart na treoirlínte a chomhroinnt le saineolaithe sna comhlachtaí ullmhúcháin ábhartha, eadhon trína gcur ar fáil ar Thairseach na dToscairí.

[7] https://beta.e-justice.europa.eu/459/EN/fundamental_rights_interactive_tool.
[8] 5377/15, an 20 Eanáir 2015.

Ba cheart do gach céim ullmhúcháin de chuid na Comhairle measúnú a dhéanamh ar thograí reachtacha nua i bhfianaise na dtreoirlínte sin; I ndáil leis sin, **molann** an Chomhairle go gcuirfí chun cinn malartú tuairimí sainráite maidir le comhlíonadh na Cairte ag tús na caibidlíochta agus aon uair eile a mheastar gur gá sin a dhéanamh. **Is díol sásaimh** don Chomhairle an oiliúint atá á tairiscint ag an Ardrúnaíocht agus ag FRA, do na hUachtaránachtaí nua, maidir leis an gCairt, lena n-áirítear na treoirlínte. Is **díol sásaimh** di freisin an uirlis ríomhfhoghlama don Chairt a d'fhógair an Coimisiún.

10. Á chur chun suntais di go bhfuil an mheitheal FREMP freagrach as an réamhobair maidir le nósanna imeachta reachtacha na Comhairle i réimse na gceart bunúsach, cearta na saoránach agus saorghluaiseacht daoine, agus **molann** an Chomhairle pointí faisnéise a chur i láthair sa mheitheal FREMP maidir le comhaid reachtacha leanúnacha a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar chearta bunúsacha. Is uirlis úsáideach iad na treoirlínte i ndáil leis sin.

11. Tá ról lárnach ag na parlaimintí agus ag páirtithe leasmhara eile sa nós imeachta reachtach sna Ballstáit maidir lena áirithiú go bhfuil reachtaíocht na mBallstát i gcomhréir go hiomlán leis an gCairt, i gcás inarb infheidhme. **Molann** an Chomhairle do na Ballstáit comhsheasmhacht leis an gCairt a áirithiú ina gcuid rialacha náisiúnta nós imeachta maidir le grinnscrúdú dlíthiúil agus measúnuithe tionchair ar reachtaíocht náisiúnta a chumhdaítear faoi raon feidhme dhlí an Aontais Eorpaigh. I ndáil leis sin, **díríonn sí aird** ar na dea-chleachtais agus ar na huirlisí atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, ar dea-chleachtais agus uirlisí iad a fhéadfar a oiriúnú do gach comhthéacs náisiúnta.

<u>Ról na riarachán</u>

12. **Cuireann an Chomhairle i dtreis** an ról atá ag na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, lena n-áirítear na státseirbhísigh, maidir leis an gCairt a phríomhshruthú agus maidir le comhlíonadh na gceart bunúsach i gceapadh beartas a áirithiú, agus maidir le cultúr um chearta bunúsacha a chothú ar gach leibhéal den fheidhmeannas.

13. Á admháil di go bhfuil an Straitéis Cairte dírithe ar fhreagracht na mBallstát, **meabhraítear** don Chomhairle mar sin féin go bhfuil gach institiúid, comhlacht, oifig agus gníomhaireacht de chuid an Aontais faoi cheangal ag an gCairt agus gur cheart dóibh a bheith eiseamláireach sa chomhthéacs sin. Dá bhrí sin, **cuireann sí i bhfios go láidir** gur minic an obair a dhéanann gníomhaireachtaí an Aontais íogair ó thaobh cearta bunúsacha de, agus **cuireann sí i bhfios go láidir** an tábhacht a bhaineann le hoiliúint leordhóthanach a chur ar an bhfoireann agus le faireachán a dhéanamh ar a gcuid gníomhaíochtaí.

14. **Díríonn an Chomhairle aird** ar an tábhacht a bhaineann le ceart rochtana ar dhoiciméid an Aontais, le cosaint sonraí agus le dea-riarachán mar bhealach le feabhas a chur ar fheidhmiú, ar fheasacht agus ar leithreasú na gceart a chumhdaítear sa Chairt ag gach saoránach.

15. **Admhaíonn** an Chomhairle an ról ríthábhachtach atá ag údaráis forfheidhmithe dlí chun sochaí atá sábháilte do chách a áirithiú, ach admhaíonn sí freisin go bhféadfadh tionchar ar leith a bheith ag a ngníomhaíocht ar chearta bunúsacha. **Measann** an Chomhairle go bhfuil sé fíorthábhachtach go mbeadh oiliúint agus faireachán leordhóthanach ann, lena áirithiú go mbeidh gach gníomhaíocht a dhéanann na húdaráis forghníomhaithe dlí i gcomhréir le caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus le caighdeáin na Cairte, nuair is infheidhme. I ndáil leis an méid sin, **tathantaíonn** an Chomhairle ar na Ballstáit oiliúint rialta a chur ar fáil d'fhoireann fhorfheidhmiú an dlí, d'fhoireann na bpríosún agus do bhaill foirne atá ag obair sna hionaid choinneála. **Cuireann sí i dtábhacht** freisin an tábhacht a bhaineann le rochtain a bheith ag comhlachtaí faireacháin agus ag NHRInna ar na hionaid sin, fiú i gcomhthéacs shrianta COVID-19, agus an chumhacht a bheith acu moltaí a eisiúint.

16. **Cuireann sí chun suntais** gur gníomhaithe tábhachtacha iad na cathracha agus na rialtais áitiúla maidir le cearta bunúsacha a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach. Dá bhrí sin, **iarrann sí** ar na Ballstáit comhroinnt taithí agus dea-chleachtas idir na húdaráis áitiúla a chur chun cinn, lena n-áirítear líonraí bailte, agus **molann sí** deiseanna cistiúcháin a úsáid faoin gclár nua um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna, go háirithe rannpháirtíocht agus rannpháirteachas na Saoránach. Ina theannta sin, **is spéis leis** an gComhairle an tionscnamh ó FRA oibriú ar chreat gealltanas do chathracha um chearta an duine san Aontas ar cheart dóibh infheictheacht leordhóthanach a chur ar fáil don Chairt.

Cistiú

17. **Meabhraítear** don Chomhairle nach mór d'aon tionscadal a fhaigheann cistiú ón Aontas dlí an Aontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear an Chairt, i gcás inarb infheidhme. Dá bhrí sin, **is díol sásaimh di** gur tugadh isteach coinníoll cumasúcháin chun a áirithiú go n-urramófar an Chairt sa chéad bhuiséad eile de chuid an Aontais don tréimhse 2021-2027. **Is fada leis** an gComhairle go bhforbróidh an Coimisiún modúl oiliúna faoi leith mar aon le cúnamh gaolmhar. **Molann** an Chomhairle do na Ballstáit malartú faisnéise rianúil agus comhar a áirithiú ina leith sin agus rannpháirtíocht a thabhairt do NHRInna mar is iomchuí. **Iarrann** sí ar na Ballstáit freisin machnamh a dhéanamh ar úsáid a bhaint as saineolas FRA i ndáil leis sin.

Malartú dea-chleachtas agus comhordú

18. **Admhaíonn** an Chomhairle an fiúntas a ghabhann leis an bhfoghlaim fhrithpháirteach agus le dea-chleachtais a mhalartú idir na Ballstáit maidir le cur chun feidhme na Cairte ar an leibhéal náisiúnta agus an fiúntas a ghabhann le hidirphlé téamach a dhéanamh ar an gCairt.

19. **Meabhraítear di** gur cruthaíodh leathanach faoi leith ar an Tairseach Eorpach don r-Cheartas tar éis don Chomhairle cuireadh a thabhairt don Choimisiún sin a dhéanamh sna Conclúidí ón gComhairle 2019. **Tathantaíonn** an Chomhairle ar na Ballstáit uile na dea-chleachtais ábhartha atá acu a chur ann, lena n-áirítear ar an leibhéal áitiúil. Ba cheart an leathanach seo a thabhairt cothrom le dáta go rialta.

20. Chun comhordú agus sreabhadh na faisnéise ábhartha a éascú, **iarrann** an Chomhairle ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar phointe fócasach Cairte a ainmniú nó a chur de chúram ar phointe teagmhála atá ann cheana fothú acmhainneachta, malartú faisnéise agus múscailt feasachta maidir leis an gCairt a chur chun cinn agus a chomhordú. D'fhéadfadh pointí fócasacha náisiúnta a bheith ina nasc idir leibhéil éagsúla rialtais sa tír agus comhlachtaí eile, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil sainchúram um chearta an duine orthu agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, chomh maith le hinstitiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais.

**Forfheidhmiú agus faireachán**

Ról Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (**'**CBAE**'**) agus na gcúirteanna náisiúnta

21. **Athdhearbhaíonn** an Chomhairle a thábhachtaí atá cásdlí CBAE maidir leis an gCairt a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm. D'fhonn a cásdlí a chur chun cinn agus feasacht a mhúscailt ar na nósanna imeachta ábhartha, **measann** an Chomhairle gur cheart go mbeadh an méid sin mar chuid lárnach den oiliúint maidir leis an gCairt agus go scaipfí é laistigh de na Ballstáit. **Iarrann** an Chomhairle ar CBAE tuilleadh plé a dhéanamh le líonraí na gcúirteanna náisiúnta, eadhon trí mhalartuithe neamhfhoirmiúla nó trí chuairteanna staidéir.

22. **Cuireann an Chomhairle i dtreis** an ról ríthábhachtach atá ag na cúirteanna maidir le cearta bunúsacha a chosaint. Is iad na breithiúna fíor-ráthóirí na Cairte, mar go n-iarrtar orthu cosaint éifeachtach bhreithiúnach na gceart atá cumhdaithe inti a áirithiú. **Tugann an Chomhairle dá haire agus buíochas dá réir aici** an úsáid mhéadaithe a bhaineann na cúirteanna náisiúnta as an gCairt, chomh maith le hiarrataí ar réamhrialuithe chuig CBAE, arb í príomhchineál an idirphlé bhreithiúnaigh i gcreat an Aontais í. Sa chomhthéacs sin, **iarrann** sí ar FRA nuashonruithe rialta a sholáthar ar bhunachar sonraí *Charterpedia*, lena n-áirítear an cásdlí náisiúnta agus Eorpach atá sa bhunachar sonraí sin.

23. **Iarrann** an Chomhairle ar na Ballstáit féachaint a thuilleadh ar bhealaí chun feabhas a chur ar inniúlacht na mbreithiúna agus na gcleachtóirí ceartais eile maidir leis an gCairt, agus leas á bhaint as ábhar tiomnaithe oiliúna, lena n-áirítear uirlisí ríomhfhoghlama. **Molann** an Chomhairle go spreagfadh na Ballstáit líonraí breithiúna, breithiúna tuata agus oinigh agus cleachtóirí eile ceartais chun béim athnuaite a chur ar chur i bhfeidhm na Cairte ar an leibhéal náisiúnta, eadhon trí chomhoibriú ar oiliúint agus ar chomhroinnt cleachtas agus trí fhorbairt a dhéanamh ar thacaíocht agus ar uirlisí a chuireann an Coimisiún, an Gréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (dá ngairtear 'GEOB' anseo feasta) agus FRA ar fáil.

24. **Is díol sásaimh** don Chomhairle an straitéis nua ón gCoimisiún 'An ceartas a chinntiú san Aontas Eorpach – straitéis Eorpach um oiliúint bhreithiúnach don tréimhse 2021-2024'[9], go háirithe, maidir le hoiliúint sa Chairt, agus **tá sí báúil leis** an ngníomhaíocht atá beartaithe ag an gCoimisiún maidir le Straitéis na Cairte.

[9] Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach, an 2 Nollaig 2020, COM(2020) 713 final.

Tuairisciú bliantúil agus díospóireacht

25. Is díol sásaimh don Chomhairle a thiomanta atá an Coimisiún tuarascáil bhliantúil a thíolacadh maidir le cur i bhfeidhm na Cairte, ina mbeidh cur chuige téamach, ina ndíreofar ar réimsí áirithe beartais a rialaítear le dlí an Aontais, bunaithe ar phrionsabail na hoibiachtúlachta, na cothroime agus na córa comhionainne sna Ballstáit, agus **tá sí ag tnúth le** tíolacadh na chéad tuarascála spriocdhírithe maidir le cearta bunúsacha sa ré dhigiteach, atá le foilsiú in 2021. **Iarrann** an Chomhairle ar an gCoimisiún dea-chleachtais a áireamh ina thuarascálacha maidir leis an gCairt a chur i bhfeidhm ar bhealach níos fearr ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta, agus a áirithiú go mbeidh an tuarascáil sin soléite agus go scaipfear í i measc an phobail i gcoitinne.

26. Tá an Chomhairle **tiomanta** do mhalartú tuairimí bliantúil a bheith ann maidir le cur i bhfeidhm na Cairte, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, bunaithe ar Thuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin, ar Thuarascáil Bhliantúil FRA um Chearta Bunúsacha agus ar an bhfaisnéis a chuireann na Ballstáit ar fáil maidir leis an Tairseach Eorpach don r-Cheartas. Ba cheart an díospóireacht bhliantúil a bheith ina hábhar le cur i gConclúidí spriocdhírithe réamhbhreathnaitheacha ón gComhairle.

**Institiúidí náisiúnta um chearta an duine agus comhlachtaí comhionannais**

27. **Aithníonn** an Chomhairle go bhfuil ról ríthábhachtach ag NHRInna neamhspleácha agus ag comhlachtaí comhionannais maidir le cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn agus maidir le feasacht a mhúscailt, agus go gcuidíonn siad lena áirithiú go gcomhlíonann na beartais náisiúnta an Chairt. Tá NHRInna ríthábhachtach chun an Chairt a chur chun feidhme, i bhfianaise a sainordaithe leathain chothrománaigh um chearta bunúsacha agus a ngaireacht do na saoránaigh.

29. Agus táscaire 16.a.1 de na spriocanna forbartha inbhuanaithe á mheabhrú di, **molann** an Chomhairle do na Ballstáit sin nár bhunaigh NHRInna neamhspleácha go fóill i gcomhréir leis na Prionsabail a bhaineann le Stádas na nInstitiúidí Náisiúnta (‘Prionsabail Pháras’) é sin a dhéanamh. Ba cheart do na Ballstáit inar bunaíodh NHRI a áirithiú go gcuirfear acmhainní agus foireann leordhóthanach ar fáil dóibh chun a sainordú a chomhlíonadh. Thairis sin, **cuireann an Chomhairle i dtreis** go bhfuil sé bunriachtanach timpeallacht chumasúcháin agus cistiú leordhóthanach a áirithiú chun leas a bhaint as acmhainneacht NHRInna agus comhlachtaí comhionannais mar ghníomhairí Cairte.

30. **Tugann an Chomhairle dá haire** go bhfuil deis ann feabhas a chur ar thionchar obair NHRInna agus **molann sí** do na Ballstáit, don Choimisiún, agus d’institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais comhar frithpháirteach leis na sásraí sin a neartú a thuilleadh, eadhon trína rannpháirtíocht rialta agus réasúnaithe a áirithiú i malartú tuairimí leis an rialtas agus i gcleachtaí tuairiscithe.

**An tSochaí Shibhialta**

31. **Admhaíonn** an Chomhairle gur minic gur chuig eagraíochtaí na sochaí sibhialta is túisce a thugann na saoránaigh a n-aghaidh ar thóir tacaíochta agus faisnéise maidir lena gcearta; is minic freisin gurb iad na heagraíochtaí sin a bhíonn chun tosaigh maidir le sáruithe nó mí-úsáidí a chosc agus freagairt orthu. Ina theannta sin, **aithníonn** an Chomhairle an ról bunriachtanach a bhíonn ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta ó thaobh eolas ábhartha faoin gCairt a roinnt agus feasacht a mhúscailt.

32. **Meabhraítear di** a thábhachtaí atá sé deireadh a chur le haon srianta neamhriachtanacha, neamhdhleathacha nó treallacha ar spás na sochaí sibhialta agus staonadh ó shrianta den chineál sin agus **admhaíonn sí** gur den ríthábhacht cistiú trédhearcach leordhóthanach sofhála chun go bhfeidhmeodh eagraíochtaí na sochaí sibhialta go héifeachtúil agus go neamhspleách. I ndáil leis sin, tá an Chomhairle **ag tnúth le** cur chun feidhme Chiste Ceartais, Cearta agus Luachanna an Aontais.

33. **Iarrann** an Chomhairle ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun feabhas a chur ar an idirghníomhaíocht agus ar an gcomhar le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, d'fhonn tacú le fothú acmhainneachta maidir leis an gCairt chun na cearta a chumhdaítear inti a chur chun cinn agus a chosaint ar bhealach níos fearr. I ndáil leis sin, **measann sí** gur den dea-chleachtas é go mbuaileann rialtais go rialta le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, go mbíonn siad rannpháirteach in ullmhú na bpleananna gníomhaíochta náisiúnta um chearta bunúsacha agus sa tuairisciú ar chur i bhfeidhm na n-ionstraimí um chearta bunúsacha, agus go mbunaíonn siad struchtúir ina dtugtar le chéile ionadaithe ón tsochaí shibhialta, ó chosantóirí na gceart agus ó na húdaráis phoiblí.

---